



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht 2019**

**Scéim Mharcála**

**GAEILGE**

**Ardleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Páipéar I (160 marc)

## Cuid I: Cluastuiscint (60 marc)

---

{	(i)	Tuiscint	= 60 marc	}
{	(ii)	Cumas Gaeilge	- (0-3) marc	}
{	(iii)	Iomlán	=	}

### Cuid A: 18 marc (Eolas)

Fógra 1:  $2 \text{ mharc} \times 5 = 10 \text{ marc}$

Fógra 2:  $2 \text{ mharc} \times 4 = 8 \text{ marc}$

$10 + 8 = \underline{18 \text{ marc}}$

### Cuid B: 28 marc (Eolas)

Comhrá 1:  $2 \text{ mharc} \times 7 = 14 \text{ mharc}$

Comhrá 2:  $2 \text{ mharc} \times 7 = 14 \text{ mharc}$

$14 + 14 = \underline{28 \text{ marc}}$

### Cuid C: 14 mharc (Eolas)

Píosa 1:  $2 \text{ mharc} \times 4 = 8 \text{ marc}$

Píosa 2:  $2 \text{ mharc} \times 3 = 6 \text{ mharc}$

$8 + 6 = \underline{14 \text{ mharc}}$

Bainfear ó 0 go 3 ar chaighdeán na Gaeilge.

## Triail Chluastuisceana

### Cuid A

#### Fógra 1 (Canúint Uladh)

Seo fógra ó RTÉ Raidió na Gaeltachta. Cuirfidh RTÉ Raidió na Gaeltachta comórtas amhrán ar siúl i mí Eanáir. *Cum Amhrán* is ainm don chomórtas seo. Tá an comórtas seo dírithe ar dhaoine óga a bhfuil suim acu i ngach saghas ceoil. Le cur isteach ar an gcomórtas seo, caithfidh na hiarrthóirí amhrán a chumadh i nGaeilge agus ceol a chur leis na liricí, agus ansin físeán a dhéanamh de dhuine ag canadh an amhráin. Gheobhaidh an buaiteoir duais míle euro. Tá gach eolas faoin gcomórtas ar fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig ceol@rnag.ie. Is é an t-ochtú lá is fiche de mhí Eanáir an dáta deireanach le haghaidh na n-iontrálacha.

#### Fógra 2 (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó Chumann na bhFeirmeoirí i nGaillimh. Tá an cumann ag eagrú cruinniú poiblí in Óstán na Trá sa Spidéal oíche Dé Céadaoin seo chugainn. Tosóidh an cruinniú seo ar leathuair tar éis a hocht. Déanfar plé ag an gcrúinniú ar an tionchar a bhí ag an aimsir ar chúrsaí feirmeoireachta in Éirinn le bliain anuas. Bhí aimsir an-fhliuch ann san earrach. Bhí na páirceanna faoi uisce agus b'éigean do na feirmeoirí na hainmhithe a choimeád istigh. Bhí teas mór agus triomach millteanach ann sa samhradh agus chuir siad sin isteach ar fhás an fhéir. Faoi láthair, tá imní mhór ar na feirmeoirí nach mbeidh go leor fodair acu do na hainmhithe an geimhreadh seo. Déanfaidh Uachtarán Chumann na bhFeirmeoirí caint speisialta ag an gcrúinniú.

### Cuid B

#### Comhrá 1 (Canúint na Mumhan)

##### An Chéad Mhír

**Cathal:** Fáilte ar ais abhaile, a Shíle. Ní fhaca mé thú ó bhí tús an tsamhraidh ann. Cá raibh tú?

**Síle:** Bhuel, a Chathail, chaith mé an samhradh ar fad i nDún Garbhán. Bhí post samhraidh agam ansin.

**Cathal:** Cá raibh tú ag obair?

**Síle:** Bhí mé ag obair i siopa rothar sa bhaile mór.

**Cathal:** I siopa rothar? Conas a fuair tú post i siopa rothar i nDún Garbhán?

**Síle:** Bhuel, bhí oibrí breise ag teastáil ann mar tá fás ar líon na ndaoine a thógann rothair ar cíos sa cheantar. Ar chuala tú caint riamh ar an nglasbhealach, Rian Glas na nDéise?

**Cathal:** Chuala. Tá a fhios agam go bhfuil an glasbhealach, Rian Glas na nDéise, idir Dún Garbhán agus cathair Phort Láirge. Ach níl mórán eolais eile agam faoi. Inis dom faoi.

**Síle:** Leanann Rian Glas na nDéise seanlíne an iarnróid. Tá sé daichead a sé ciliméadar ar fad. Bíonn daoine ag siúl agus ag rothaocht air.

## **An Dara Mír**

**Cathal:** Tá a lán glabhealaí ann anois, a Shíle. Cén fáth a dtarraingíonn na glabhealaí a lán cuairteoirí go dtí na ceantair ina bhfuil siad, dar leat?

**Síle:** Bhuel, a Chathail, tá sé sábháilte a bheith ag siúl agus ag rothaíocht orthu mar ní bhíonn trácht gluaisteán orthu. Is iontach an deis do dhaoine iad na glabhealaí chun caitheamh aimsire sláintiúil a bheith acu amuigh faoin aer.

**Cathal:** Is dócha go gcuireann na glabhealaí le cúrsaí eacnamaíochta na gceantar sin, a Shíle.

**Síle:** Cuireann, gan amhras. Bhí borradh mór faoi chúrsaí gnó i gceantar Dhún Garbhán an samhradh seo caite. Bhí na hóstáin agus na tithe lóistín lán le cuairteoirí. Rinne na siopaí agus na bialanna níos mó airgid ná riamh.

**Cathal:** Léigh mé i dtuairisc le déanaí gur chuir an rialtas airgead ar fáil sa cháinainneis chun níos mó glabhealaí a fhorbairt ar fud na tíre.

**Síle:** Is dea-scéal é sin.

**Cathal:** Ní mór dom cuairt a thabhairt ar cheann acu an samhradh seo chugainn.

## **Comhrá a Dó (Canúint Chonnacht)**

### **An Chéad Mhír**

**Bríd:** Haigh, a Mháirtín, Bríd anseo. Comhghairdeas leat as do thorthaí iontacha san Ardeistiméireacht.

**Máirtín:** Ó, go raibh maith agat, a Bhríd. Táim an-sásta. Fuair mé cúig chéad seachtó a seacht pointe.

**Bríd:** Cén cúrsa a dhéanfaidh tú ar an ollscoil an bhliain seo chugainn?

**Máirtín:** Táim chun cúrsa Dlí agus Gnó a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide.

**Bríd:** An bhfuil tú ag tnúth le saol na hollscoile?

**Máirtín:** Táim ag tnúth go mór leis, cinnte. Ach níl mo thuismitheoirí ag tnúth leis mar beidh costas ard ar mo lóistín i mBaile Átha Cliath.

**Bríd:** Is minic a bhíonn daoine ag gearán faoin gcíos ard a bhíonn le híoc ar lóistín do mhic léinn i mBaile Átha Cliath. An bhfuil lóistín faighte agat féin fós?

**Máirtín:** Tá. Fuair mé pacáiste eolais faoi chúrsaí lóistín ó Oifig na Mac Léinn san ollscoil. Ansin, chaith mé féin agus mo thuismitheoirí dhá lá i mBaile Átha Cliath ag cuardach lóistín.

### **An Dara Mír**

**Bríd:** Conas a bhí an cuardach lóistín i mBaile Átha Cliath?

**Máirtín:** Bhí brú uafásach ag baint leis. Bhí scuainí an-fhada ann beagnach gach áit a raibh lóistín maith ar fáil. Bhí a lán áiteanna ann nach raibh sásúil in aon chor.

**Bríd:** Ach ar éirigh leat lóistín oiriúnach a fháil?

**Máirtín:** D'éirigh liom, ar deireadh. Fuair mé áit bhreá i nDún Droma.

**Bríd:** Conas a rachaidh tú go dtí an ollscoil gach maidin?

**Máirtín:** Rachaidh mé ar an Luas gach maidin. Ach beidh orm éirí an-luath ar maidin chun a bheith in am do na léachtaí. Ní maith liom é sin, a Bhríd.

**Bríd:** Bhí an t-ádh dearg ormsa, a Mháirtín. Beidh mise ag freastal ar Ollscoil Luimnigh agus fuair mé lóistín gar do champas na hOllscoile.

**Máirtín:** Tá na costais an-ard i mBaile Átha Cliath, a Bhríd. Tá roinnt airgid agam mar bím ag múineadh ranganna snámha gach Satharn, mar is eol duit.

**Bríd:** Ní bheidh saol éasca agat. Ná déan dearmad glaoch a chur orm anois is arís, a Mháirtín, má bhíonn nóiméad saor agat. Slán go fóill.

## Cuid C

### Píosa 1 (Canúint Uladh)

Tógadh Teach Solais Fhánada i dtuaisceart Dhún na nGall chun córas sábháilteachta a chur ar fáil ar an bhfarraige ar chósta thuaidh na hÉireann. Tógadh é i dtús an naoú haois déag. Lasadh an solas ann den chéad uair ar Lá Fhéile Pádraig sa bhliain míle ocht gcéad is a seacht déag. Tá Teach Solais Fhánada suite ar an mbealach turasóireachta, Slí an Atlantaigh Fhiáin. Osclaíodh Teach Solais Fhánada do thurasóirí i mí Aibreáin, dhá mhíle is a sé déag. Tá sé ar cheann den dá theach solais déag sa tír atá ar oscailt do thurasóirí anois mar chuid den chlár turasóireachta *Tithe Solais Móra na hÉireann*. Is féidir dul ar thuras teoraithe i dTeach Solais Fhánada anois. Chomh maith leis sin, tá léargas ar stair agus ar oidhreacht an cheantair le fáil sna taispeántais in Ionad na gCuaríteoirí.

### Píosa 2 (Canúint na Mumhan)

Bhí na sluaite i láthair i bPáirc an Chrócaigh do Chluiche Ceannais na hÉireann sa pheil ar an dara lá de mhí Mheán Fómhair anuraidh. Foireann Bhaile Átha Cliath agus foireann Thír Eoghain a bhí ag imirt. Rinne foireann Bhaile Átha Cliath gaisce an lá sin nuair a bhuaigh siad Craobh na hÉireann den cheathrú huair as a chéile. Tar éis an chluiche, moladh painéal imreoirí Bhaile Átha Cliath as a gcuid scileanna peile agus as an aclaíocht a thaispeáin siad ar pháirc na himeartha. Bhí triúr d'imreoirí Bhaile Átha Cliath san iomaíocht don ghradam *Peileadóir na Bliana* anuraidh. Bronnadh an gradam sin ar an imreoir lár páirce, Brian Fenton, ag ócáid speisialta i mBaile Átha Cliath ag deireadh na bliana seo caite.

**CUID A (18 marc)**

**FÓGRA A hAON (10 marc)**

1. (a) Cé a chuir amach an fógra seo? **2 mharc**

RTÉ Raidió (Radió) na Gaeltachta = 2 mharc  
Raidió na Gaeltachta = 2 mharc  
Radió na Gaeltachta = 2 mharc  
Rn(a)G = 2 mharc  
RTE = 1 mharc  
RTÉ = 1 mharc

- (b) Cé hiad na daoine óga a bhfuil an comórtas seo dírithe orthu? **2 mharc**

(Na daoine óga) a bhfuil suim acu i ngach saghas ceoil = 2 mharc  
(Na daoine óga) a bhfuil suim acu i gceol = 2 mharc

2. Luaigh **dhá** rud a chaithfidh na hiarrthóirí a dhéanamh le cur isteach ar an gcomórtas seo. **2 mharc + 2 mharc**

Amhrán a chumadh i nGaeilge = 2 mharc  
Amhrán Gaeilge a chumadh = 2 mharc  
Amhrán a chumadh = 1 mharc  
Ceol a chur leis na liricí = 2 mharc  
Físeán a dhéanamh de dhuine ag canadh an amhráin = 2 mharc  
Físeán a dhéanamh = 1 mharc  
Físeán = 1 mharc

3. Cad é an dáta deireanach le haghaidh na n-iontrálacha? **2 mharc**

An t-ochtú lá is fiche de mhí Eanáir = 2 mharc  
28 Eanáir = 2 mharc  
28/1 = 2 mharc

**FÓGRA A DÓ (8 marc)**

1. (a) Cá mbeidh an cruinniú poiblí ar siúl oíche Dé Céadaoin seo chugainn? **2 mharc**

Óstán na Trá sa Spidéal = 2 mharc  
Óstán na Trá = 2 mharc  
(Sa) Spidéal = 2 mharc

- (b) Cén fáth arbh éigean do na feirmeoirí na hainmhithe a choimeád istigh san earrach? **2 mharc**

(Bhí) na páirceanna faoi uisce = 2 mharc  
(Bhí) an talamh an-fhliuch = 2 mharc  
(Bhí) an aimsir an-fhliuch = 2 mharc

Bhí sé an-fhliuch = 2 mharc  
An aimsir = 2 mharc  
Drochaimsir/an aimsir go hainnis/go dona = 2 mharc  
Bhí sé fliuch = 1 mharc

2. Scríobh síos rud **amháin** a chuir isteach ar fhás an fhéir sa samhradh. **2 mharc**

An teas mór = 2 mharc  
An teas = 2 mharc  
An triomach millteanach = 2 mharc  
An triomach = 2 mharc  
Bhí sé an-tirim = 2 mharc  
Bhí sé tirim = 1 mharc

3. Cén inní mhór atá ar na feirmeoirí faoin ngeimhreadh seo? **2 mharc**

Nach mbeidh go leor (dóthain) fodair acu = 2 mharc  
Nach mbeidh go leor (dóthain) tuí, sadhlais, féir acu = 2 mharc  
Nach mbeidh go leor (dóthain) bia acu do na hainmhithe = 2 mharc  
Nach mbeidh fodar acu = 1 mharc

### CUID B (28 marc)

#### COMHRÁ A hAON (14 mharc)

##### *An Chéad Mhír*

1. Cén fáth a raibh oibrí breise ag teastáil sa siopa rothar? **2 mharc**

Tá fás ar líon na ndaoine a thógann rothair ar cíos = 2 mharc  
Tá fás ar na daoine a thógann rothair ar cíos = 2 mharc  
Tá fás ar na daoine a thógann rothair = 1 mharc

2. Scríobh síos **dhá** phointe eolais a luann Síle faoin nglasbhealach, Rian Glas na nDéise. **2 mharc + 2 mharc**

Leanann sé seanlíne an iarnróid = 2 mharc  
Tá sé 46 ciliméadar (km, k) ar fad = 2 mharc  
Tá sé 46 ciliméadar (km, k) = 2 mharc  
Bíonn daoine ag siúl **agus** ag rothaíocht air = 2 mharc + 2 mharc = 4 mharc  
Bíonn daoine ag siúl air = 2 mharc  
Bíonn daoine ag rothaíocht air = 2 mharc

##### *An Dara Mír*

1. Luaigh **dhá** chúis a dtarraingíonn na glasbhealaí a lán cuairteoirí go dtí na ceantair ina bhfuil siad, dar le Síle. **2 mharc + 2 mharc**

Tá sé sábháilte a bheith ag siúl agus ag rothaíocht orthu = 2 mharc + 2 mharc = 4 mharc



Tá sé sábháilte a bheith ag siúl orthu = 2 mharc  
Tá sé sábháilte a bheith ag rothaíocht orthu = 2 mharc  
Ní bhíonn trácht gluaisteán orthu = 2 mharc  
Chun caitheamh aimsire sláintiúil a bheith acu amuigh faoin aer = 2 mharc  
Is iontach an deis do dhaoine iad na glasbhealaí chun caitheamh aimsire sláintiúil a bheith acu = 2 mharc  
Tá siad sábháilte = 1 mharc  
Tá sé sábháilte orthu = 1 mharc  
Ní bhíonn trácht orthu = 1 mharc  
Chun caitheamh aimsire a bheith acu amuigh faoin aer = 1 mharc

2. Tabhair sampla **amháin** a léiríonn go raibh borradh mór faoi chúrsaí gnó i gceantar Dhún Garbhán an samhradh seo caite, dar le Síle. **2 mharc**

(Bhí) na hóstáin agus na tithe lóistín lán = 2 mharc  
(Bhí) na hóstáin lán = 2 mharc  
(Bhí) na tithe lóistín lán = 2 mharc  
Rinne na siopaí agus na bialanna níos mó airgid = 2 mharc  
Rinne na siopaí níos mó airgid = 2 mharc  
Rinne na bialanna níos mó airgid = 2 mharc

3. Cad a rinne an rialtas chun níos mó glasbhealaí a fhorbairt ar fud na tíre, de réir na tuairisce a léigh Cathal le déanaí? **2 mharc**

Chuir siad airgead ar fáil sa cháinainnéis = 2 mharc  
Chuir siad airgead ar fáil sa bhuiséad = 2 mharc  
Chuir siad airgead ar fáil = 2 mharc

## COMHRÁ A DÓ (14 mharc)

### *An Chéad Mhír*

1. Cén cúrsa a dhéanfaidh Máirtín i gColáiste na Tríonóide? **2 mharc**

(Cúrsa) Dlí agus Gnó = 2 mharc

2. Cén gearán a bhíonn ag daoine faoi chúrsaí lóistín i mBaile Átha Cliath, dar le Bríd? **2 mharc**

(An) cíós ard = 2 mharc  
(An) costas ard = 2 mharc  
(An) cíós = 2 mharc  
(An) costas = 2 mharc  
Costas do mhic léinn = 2 mharc  
Praghas = 2 mharc  
Costasach = 2 mharc

3. Cá bhfuair Máirtín an pacáiste eolais faoi chúrsaí lóistín? **2 mharc**

Ó Oifig na Mac Léinn = 2 mharc  
Ó Choláiste na Tríonóide = 1 mharc  
Ón ollscoil = 1 mharc  
Ón gcoláiste = 1 mharc

### *An Dara Mír*

1. Scríobh síos an **dá** rud a léiríonn go raibh brú uafásach ag baint leis an gcuardach lóistín, dar le Máirtín. **2 mharc + 2 mharc**

Bhí scuainí an-fhada ann (beagnach) gach áit a raibh lóistín maith = 2 mharc  
Bhí a lán áiteanna ann nach raibh sásúil = 2 mharc  
Bhí scuainí an-fhada ann = 1 mharc

2. Cén fáth a mbeidh ar Mháirtín éirí an-luath ar maidin? **2 mharc**

Chun a bheith in am do na léachtaí = 2 mharc  
Chun a bheith in am don ollscoil/don choláiste = 1 mharc  
Chun an Luas a fháil = 1 mharc  
Chun a bheith in am = 1 mharc

3. Cén obair a dhéanann Máirtín gach Satharn? **2 mharc**

Ag múineadh ranganna snámha = 2 mharc  
Ag múineadh snámha = 2 mharc  
Múinteoir snámha = 2 mharc  
Ag múineadh ranganna = 1 mharc  
Ranganna snámha = 1 mharc

### **CUID C (14 mharc)**

#### **PÍOSA A hAON (8 marc)**

1. (a) Cén fáth ar tógadh Teach Solais Fhánada i dtuaisceart Dhún na nGall? **2 mharc**

Chun córas sábháilteachta a chur ar fáil = 2 mharc  
Mar chóras sábháilteachta = 2 mharc  
Córas sábháilteachta = 1 mharc  
Chun daoine a shábháil = 2 mharc  
Daoine a shábháil = 1 mharc

- (b) Cén bealach turasóireachta ar a bhfuil Teach Solais Fhánada suite? **2 mharc**

Slí an Atlantaigh Fhiáin = 2 mharc  
Slí an Atlantaigh = 1 mharc

2. Cé mhéad teach solais atá ar oscailt do thurasóirí anois mar chuid den chlár turasóireachta, Tithe Solais Móra na hÉireann? **2 mharc**

12 = 2 mharc

Dhá cheann déag = 2 mharc

3. Cad iad na gnéithe de shaol an cheantair a bhfuil léargas le fáil orthu sna taispeántais in Ionad na gCuirteoirí? **2 mharc**

Stair agus oidhreacht = 2 mharc

Stair = 1 mharc

Oidhreacht = 1 mharc

### **PÍOSA A DÓ (6 mharc)**

1. Cad a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh ar an dara lá de mhí Mheán Fómhair anuraidh? **2 mharc**

Cluiche Ceannais na hÉireann sa pheil = 2 mharc

Cluiche Ceannais na hÉireann = 1 mharc

Cluiche Ceannais sa pheil = 1 mharc

2. Cén gaisce a rinne foireann Bhaile Átha Cliath an lá sin? **2 mharc**

Bhuaigh siad Craobh na hÉireann den cheathrú huair as a chéile = 2 mharc

Bhuaigh siad Craobh na hÉireann = 1 mharc

3. Luaigh cúis **amháin** ar moladh painéal imreoirí Bhaile Átha Cliath. **2 mharc**

Scileanna peile = 2 mharc

Scileanna = 2 mharc

Aclaíocht = 2 mharc

Léirigh na marcanna mar seo ar chlúdach na Cluastuisceana:

<b><i>Don Scrúdaitheoir</i></b>	
<b>Cuid I: Cluastuisceant</b>	
<b>Na hIomláin</b>	
<b>Cuid A, Fógra 1</b>	<b>10 marc</b>
<b>Cuid A, Fógra 2</b>	<b>8 marc</b>
<b>Cuid B, Comhrá 1</b>	<b>14 mharc</b>
<b>Cuid B, Comhrá 2</b>	<b>14 mharc</b>
<b>Cuid C, Píosa 1</b>	<b>8 marc</b>
<b>Cuid C, Píosa 2</b>	<b>6 mharc</b>
<b>Iomlán</b>	<b>60 marc</b>

<b>Eolas (60 marc)</b>	
<b>Gaeilge - (0-3)</b>	
<b>Móriomlán</b>	

**3** Roinn ar an bpáipéar scrúdaithe

- A. Aiste nó Alt Nuachtáin / Irise
- B. Scéal
- C. Díospóireacht / Óráid

**An Mharcáil:**

**Iarracht iomlán** = 500 – 600 focal (an treoir ar an bpáipéar scrúdaithe), an t-ábhar ad rem agus bunaithe ar an teideal a roghnaíonn an t-iarrthóir.

Stíl chuí scríbhneoireachta = **5** marc

Ionramháil Ábhair = **15** marc

Cumas Gaeilge = **80** marc

**3 chéim sa mharcáil:**

Cé go bhfuil trí roinn (Stíl, Ionramháil Ábhair agus Cumas Gaeilge) i gceist, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

An Measúnú	An iarracht a mheas mar aonad - Cad is fiú an iarracht cheapadóireachta ó thaobh catagóire de?
An Aicme sa chatagóir	Socraigh an aicme cheart sa chatagóir: ard / meánach / íseal
An Marc	Roghnaigh an marc cuí a fhreagraíonn don aicme sin.

Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 5 (Stíl), an marc a bhronntar as 15 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na hiarrachta ceapadóireachta.

Stíl (5) = \_\_\_\_\_  
 Ábhar (15) = \_\_\_\_\_  
 Gaeilge (80) = \_\_\_\_\_  
 CII (100) = \_\_\_\_\_

## Gnéithe a bhaineann leis an marcáil

### Stíl chuí scríbhneoireachta (5 mharc):

Stíl (5 mharc) = 5 mharc sa chás go bhfuil an stíl chuí scríbhneoireachta in úsáid - má roghnaítear B (a), ní mór don iarrthóir **Scéal** a scríobh agus ní cheadaítear **Aiste** nó **Díospóireacht** srl. Sa chás go scríobhtar **Aiste** srl. agus teideal an scéil leis, an marc cuí ná Stíl (5) = 0.

Smaoinigh nach mbaineann an marc ar Stíl le caighdeán nó le cáilíocht na hiarrachta. Déantar é seo a mheas faoi Ábhar (15 mharc).

### Ionramháil Ábhair (15 mharc):

Tuairimí, smaointe, insint, eachtraí, imeachtaí, eolas, faisnéis **a bhaineann go dlúth le hábhar theideal na ceapadóireachta.**

Aicme	Marc
Ionramháil shármhaith (smaointe fairsinge, samhlaíocht neamhghnách)	13, 14, 15
Ionramháil an-mhaith	11, 12
Ionramháil mhaith	9, 10
Ionramháil mheasartha	6, 7, 8
Ionramháil lag / bhearnach	3, 4, 5
Ionramháil an-lag (easnamhach)	0, 1, 2

Ba cheart an ionramháil ábhair a mheas agus tagairt á déanamh do Chumas na Gaeilge. Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe ábhartha a bhaineann le teideal na hiarrachta, bíonn coibhneas de ghnáth idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Ní féidir smaointe cuí, ábhartha a chur i láthair go soiléir gan cóir iompair éifeachtach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe ábhartha a ionramháil an ghné den scríbhneoireacht is tábhachtaí agus an cheapadóireacht á marcáil.

## Cumas Gaeilge (80 marc)

(i) Fairsinge agus Saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra

**agus**

(ii) Beachtas maidir le máistreacht na cruinnúsáide ar na príomhghnéithe (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) de cheart na Gaeilge.

**Dhá ghné** i gceist sa Chumas Gaeilge:

Stór Gaeilge agus dul na teanga	Beachtas / Cruinneas na Gaeilge
<ul style="list-style-type: none"><li>• Máistreacht an iarrthóra ar an teanga chun na smaointe a ionramháil</li><li>• Cumas an iarrthóra chun a smaointe faoin ábhar a scríobh síos go tuisceanach soiléir, gan bunrialacha na teanga a shárú</li><li>• Fairsingeacht agus saibhreas an fhoclóra</li><li>• An Chomhréir - struchtúir na n-abairtí</li></ul>	<p>Caighdeán an iarrthóra i gcruinnláimhseáil ghramadach na Gaeilge:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Aimsirí na mbriathra</li><li>• Litriú</li><li>• Séimhiú</li><li>• Urú</li><li>• An Chlaoninsint</li><li>• Réamhfhocail</li><li>• Díochlaontaí na n-ainmfhocail</li></ul>

Tá sé fiorthábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir mórbhotúin chomhréire agus mionbhotúin ghramadaí agus litrithe.

Cuimhnigh ar an treoir atá ar an scrúdpháipéar:

*Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.*

Sa chás go scríobhtar ábhar seachtrach nach bhfuil **ad rem** cuirfear as an áireamh an t-ábhar neamhábharta sin. D'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gcinneadh sin nach sásóidh an iarracht cheapadóireachta na riachtanais ó thaobh fad de, agus dá thoradh sin, go ngearrfar pionós pro-rata ar an ábhar agus ar an nGaeilge.

Nuair nach bhfuil an iarracht ar fad **ad rem**, cuir lúibín cearnach ag tús an pháosa/an ailt nach bhfuil **ad rem** agus lúibín cearnach eile ag deireadh an pháosa/an ailt sin agus scríobh '**níl sé seo ad rem**' sa cholún ar dheis.

	<b>Catagóir</b>	<b>Aicme</b>	<b>Raon marcanna</b>
<b>1. Stór Gaeilge</b> <b>2. Beachtas / Cruinneas na Gaeilge</b>			
<ul style="list-style-type: none"> <li>Fairsingeacht agus Saibhreas atá sármhaith</li> <li>Cruinneas sármhaith (den chuid is mó)</li> </ul>	<b>Sármhaith</b>	Ard	76-80 marc
		Meánach	72-75 marc
		Íseal	68-71 marc
<ul style="list-style-type: none"> <li>Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-mhaith</li> <li>Cruinneas an-mhaith (den chuid is mó)</li> </ul>	<b>An-mhaith</b>	Ard	64-67 marc
		Meánach	60-63 marc
		Íseal	56-59 marc
<ul style="list-style-type: none"> <li>Fairsingeacht agus Saibhreas atá maith</li> <li>Cruinneas maith (den chuid is mó)</li> </ul>	<b>Maith</b>	Ard	52-55 marc
		Meánach	48-51 marc
		Íseal	44-47 marc
<ul style="list-style-type: none"> <li>Fairsingeacht agus Saibhreas atá measartha</li> <li>Cruinneas measartha (den chuid is mó)</li> </ul>	<b>Measartha</b>	Ard	40-43 marc
		Meánach	36-39 marc
		Íseal	32-35 marc
<ul style="list-style-type: none"> <li>Fairsingeacht agus Saibhreas atá lag</li> <li>Cruinneas lag (den chuid is mó)</li> </ul>	<b>Lag</b>	Ard	28-31 marc
		Meánach	24-27 marc
		Íseal	20-23 marc
<ul style="list-style-type: none"> <li>Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-lag</li> <li>Cruinneas an-lag (den chuid is mó)</li> </ul>	<b>An-lag</b>	Ard	16-19 marc
		Meánach	12-15 marc
		Íseal	8-11 marc
		An-íseal	0-7 marc



**Treoracha:** Tá an iarracht cheapadóireachta róghearr nó níl an t-ábhar ar fad atá scríofa ad rem/ábhartha/bainteach go dlúth leis an teideal a roghnaíodh:

### **An iarracht cheapadóireachta róghearr**

#### **Leathanach go leith den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

Stíl:	(5-1 [fad])	(4)	=
Ábhar:	(15-2 [fad])	(13)	=
Gaeilge:	(80-12 [fad])	(68)	=

#### **Leathanach amháin den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

Stíl:	(5 -2 [fad])	(3)	=
Ábhar:	(15-4 [fad])	(11)	=
Gaeilge:	(80-24 [fad])	(56)	=

#### **Leathleathanach den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

Stíl:	(5-3 [fad])	(2)	=
Ábhar:	(15-6 [fad])	(9)	=
Gaeilge:	(80-36 [fad])	(44)	=
		<b>CII (100)</b>	=

### **Níl an iarracht cheapadóireachta go hiomlán *ad rem***

#### **Leathanach go leith den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

Stíl:	(5-1 [ad rem])	(4)	=
Ábhar:	(15-2 [ad rem])	(13)	=
Gaeilge:	(80-12 [ad rem])	(68)	=

#### **Leathanach amháin den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

Stíl:	(5-2 [ad rem])	(3)	=
Ábhar:	(15-4 [ad rem])	(11)	=
Gaeilge:	(80-24 [ad rem])	(56)	=

#### **Leathleathanach den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

Stíl:	(5-3 [ad rem])	(2)	=
Ábhar:	(15-6 [ad rem])	(9)	=
Gaeilge:	(80-36 [ad rem])	(44)	=
		<b>CII (100)</b>	=

## Páipéar II (200 marc)

### Ceist 1 LÉAMHTHUISCINT (100 marc)

Treoracha do mharcáil na Léamhthuisceana:

LÉAMHTHUISCINT: A agus B

Tá Ceist 1 – 5 ar cómharc, 7 marc ar gach ceann.

Tá trí mharc ag gabháil le cuid (a).

Tá **dhá** chuid i gceist (b): (i) agus (ii) agus **dhá** mharc ar (b) (i) agus **dhá** mharc ar (b) (ii).

Glacfar le freagraí i bhfocail an iarrthóra nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.

Maidir le 6 (a) sa dá Léamhthuisicint tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Tá **12** mharc ag gabháil le Ceist 6 (b) sa dá chás. Ní mór d'iarrthóirí Ceist 6 (b) a fhreagairt **ina bhfocail féin**. Tá eolas breise faoi Cheist 6 (b) le fáil sna nótaí thíos ar an dá Léamhthuisicint.

Cuir an marc iomlán do gach focheist sa cholún ar dheis sa fhreagarleabhar.

## LÉAMHTHUISCINT A (50 marc)

### Constance Markievicz

1. (a) Luaigh **dhá** rud ab éigean a bheith ag mná le vóta a bheith acu in olltoghchán 1918. (Alt 1)  
(**Dhá** rud) {**3 marc: 2 marc + 1 marc**}

An chéad rud atá ceart = 2 marc; an dara rud atá ceart = 1 marc

- Bhí vóta ag mná den chéad uair riamh má bhí siad os cionn 30 bliain d'aois
- Bhí vóta ag mná den chéad uair riamh má bhí maoin acu féin
- Bhí vóta ag mná den chéad uair riamh má bhí maoin ag a bhfear céile
- Bhí vóta ag mná den chéad uair riamh má bhí siad ina gcéimithe ollscoile

- (b) (i) Cén aidhm a bhí ag na feisirí tofa a tháinig le chéile sa Chéad Dáil? (Alt 1)  
(pointe **amháin** eolais) {**2 marc**}

- (Ba é an aidhm a bhí acu) rialtas dúchais a chur ar bun = 2 marc
- (Ba é an aidhm a bhí acu) neamhspleáchas na hÉireann a chur chun cinn = 2 marc

- (ii) Scríobh síos pointe **amháin** eolais a léiríonn gur bhain Constance Markievicz áit faoi leith amach i stair na polaitíochta san olltoghchán sin. (Alt 1)  
(pointe **amháin** eolais) {**2 marc**}

- Ba í an chéad bhean í a toghadh riamh ina feisire parlaiminte in Westminster = 2 marc
- Ba í an chéad bhean í a bhí ina Teachta Dála in Éirinn = 2 marc

2. (a) Scríobh síos **dhá** chaitheamh aimsire a bhí ag Constance Gore-Booth agus í ag fás aníos i Lios an Daill, Co. Shligigh. (Alt 2)  
(**Dhá** chaitheamh aimsire) {**3 marc: 2 marc + 1 marc**}

An chéad caitheamh aimsire atá ceart = 2 marc; an dara caitheamh aimsire atá ceart = 1 marc

- Bhí Constance an-tógtha leis an marcaíocht ar chapail
- Chaitheadh sí roinnt mhaith ama ag sceitseáil
- Bhíodh sí ag léamh litríochta sa Fhraincis agus sa Ghearmáinis (tá gá le teanga **amháin** a lua)

- (b) (i) Conas a léirigh Henry Gore-Booth go raibh sé báuil lena thionóntaí nuair a bhí gorta ag bagairt orthu sa bhliain 1879? (Alt 2)  
**{2 marc}**

- D'ísligh sé an cíós (1 marc) agus dháil sé bia ar na tionóntaí a bhí i ngátar (1 marc)

(ii) Cén fáth nach raibh Constance ábalta cúrsa ealaíne a dhéanamh i dtús báire? (Alt 2)  
(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Dhiúltaigh a tuismitheoirí íoc as cúrsa ealaíne di (i dtús báire) = 2 mharc

3. (a) Cén dearcadh polaitiúil a léirigh Constance ina céad óráid phoiblí? (Alt 3)

{3 mharc}

- Má bhíonn údar mór gearáin ag aon ghrúpa daoine, (a dúirt sí), ba chóir dóibh teacht le chéile agus léirsiú chun brú a chur ar an rialtas cúrsaí a chur ina gceart = 3 mharc
- Má bhíonn údar mór gearáin ag aon ghrúpa daoine, (a dúirt sí), ba chóir dóibh teacht le chéile (2 mharc) agus léirsiú (1 mharc) = 3 mharc
- Má bhíonn údar mór gearáin ag aon ghrúpa daoine, (a dúirt sí), ba chóir dóibh teacht le chéile (2 mharc) chun brú a chur ar an rialtas cúrsaí a chur ina gceart (1 mharc) = 3 mharc
- Má bhíonn údar mór gearáin ag aon ghrúpa daoine, (a dúirt sí), ba chóir dóibh léirsiú (2 mharc) chun brú a chur ar an rialtas cúrsaí a chur ina gceart (1 mharc) = 3 mharc

**Treoir:** Má fhágtar an chéad chuid ‘má bhíonn údar mór gearáin ag aon ghrúpa daoine’ ar lár sa fhreagra, ní thuilleann an chuid eile den fhreagra aon mharc.

(b) (i) Luaigh sampla **amháin** a léiríonn go raibh Constance agus a fear céile gníomhach i saol cultúrtha Bhaile Átha Cliath. (Alt 3)

(sampla **amháin**) {2 mharc}

- Thaispeánadís a gcuid pictiúr i ngailearaithe sa chathair = 2 mharc
- Bhídís ag aisteoireacht in Amharclann na Mainistreach = 2 mharc

(ii) Cén fáth a raibh náisiúnaithe ag agóidíocht in Éirinn ag an am sin? (Alt 3)

(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Bhí náisiúnaithe ag agóidíocht i gcoinne riail na Breataine in Éirinn = 2 mharc
- Bhí náisiúnaithe ag agóidíocht ag lorg shaoirse na hÉireann = 2 mharc
- Bhí siad gníomhach freisin san fheachtas mór a bhí ar siúl ag an am chun vótaí a fháil do na mná = 2 mharc

4. (a) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi pháirt Constance Markievicz san fheachtas náisiúnach roimh 1913. (Alt 4)

(**Dhá** phointe eolais) {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

An chéad phointe eolais atá ceart = 2 mharc; an dara pointe eolais atá ceart = 1 mharc

- Ghlac sí ballraíocht in Inghinidhe na hÉireann
- Chuidigh sí le bunú *Bean na hÉireann*
- Ghlac sí ballraíocht i Sinn Féin

(b) (i) Cad a rinne Constance sa Fhrithdhúnadh sa bhliain 1913? (Alt 4)

{2 mharc}

- D’eagraigh sí cistin anraith = 2 mharc
- Chuir sí béilí ar fáil do na hoibrithe (agus dá dteaghlaigh) = 2 mharc
- Chuir sí béilí ar fáil = 1 mharc

(ii) Cén pionós a gearradh ar Constance nuair a gabhadh í tar éis Éirí Amach na Cásca 1916? (Alt 4)

(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Daoradh chun báis í = 2 mharc

5. (a) Scríobh síos **dhá** rud faoi cheapadh na mban mar airí rialtais in Éirinn. (Alt 5)

(**Dhá** rud) {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

An chéad rud atá ceart = 2 mharc; an dara rud atá ceart = 1 mharc

- Ceapadh Constance ina hAire Saothair sa Chéad Dáil
- Ba í Constance Markievicz an chéad bhean a ceapadh ina haire rialtais
- Ní raibh aon bhean eile ina haire rialtais i bPoblacht na hÉireann go dtí gur ceapadh Máire Geoghegan-Quinn mar Aire na Gaeltachta i 1979
- Ceapadh Máire Geoghegan-Quinn mar Aire na Gaeltachta i 1979

(b) (i) Cad a dúirt Spéicéir na Parlaiminte in Westminster ag an ócáid chomórtha in ómós do Constance Markievicz i mí Iúil seo caite? (Alt 5)

(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Thagair Spéicéir na Parlaiminte don seasamh speisialta atá aici i stair na hÉireann agus na Breataine = 2 mharc
- Dúirt sé gur ábhar inspioráide í i saol an lae inniu agus do na glúine atá le teacht = 2 mharc
- Dúirt sé gur ábhar inspioráide í = 1 mharc

(ii) Cén cuspóir atá ag Cácas Parlaiminte na mBan? (Alt 5)

{2 mharc}

- Comhionannas inscne a bhaint amach san Oireachtas agus ar na comhairlí áitiúla = 2 mharc
- Comhionannas inscne a bhaint amach san Oireachtas = 1 mharc
- Comhionannas inscne a bhaint amach ar na comhairlí áitiúla = 1 mharc

6. (a) Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 2 **agus** sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 5.

{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 2: Rugadh; tógadh; cuireadh; músclaíodh  
Sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 5: bheadh; (dá) mbeadh

(b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, luaigh **dhá** thréith a bhain le Constance Markievicz, dar leat. Aimsigh sampla **amháin** de gach ceann den **dá** thréith sin sa sliocht. (Bíodh an freagra, i **d'fhocail féin**. Is leor **60** focal.)

{6 mharc + 6 mharc}

**Dhá thréith = 6 mharc + 6 mharc**

Tréith 1 a lua = 2 mharc + sampla den tréith sin (eolas cruinn as an sliocht mar thacú léi) = 4 mharc

Tréith 2 a lua = 2 mharc + sampla den tréith sin (eolas cruinn as an sliocht mar thacú léi) = 4 mharc

### **Treoir:**

Tá ‘bunaithe ar an eolas sa sliocht’ agus ‘i d’fhocail féin’ luaite sa cheist seo. Dá bharr sin, ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d’eolas nach bhfuil sa sliocht.

(Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d’fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar)

Gan tréith(e) luaite, ní féidir glacadh leis an sampla/na samplaí.

Cuir lúibíní cearnacha thart ar abairtí sa fhreagra a thógtar díreach ón sliocht.

### **Samplaí:**

- Dílseacht Constance Markievicz don chúis náisiúnach...
- Crógacht... páirteach in imeachtaí na tíre... An Frithdhúnadh 1913... Éirí Amach na Cásca 1916... tréimhsí i bpríosún...
- Lean sí samplaí trócaireacha a hathar... ag cabhrú leis na tionóntaí in am na hanachaine...
- Bhí sí carthanach... ag cuidiú leo siúd a bhí níos boichte ná í... cistin anraith...
- Bhí sí réabhlóideach... ceannródaíoch... a coinsias sóisialta...
- Dionsbháilte/daingean ina tuairimí/ina gníomhartha... sheas sí go daingean...
- Cuirtear os ár gcomhair í mar agóidí/mar shóisialaí/mar náisiúnaí...
- Ealaíontóir/péintéir/scileanna ealaíne... marcach... ag marcaíocht ar chapail... an saol faoin tuath...
- Ionadaí ar son chúis na mban... cothrom na Féinne... duine cóir, cothrom...
- Spéis aici sna teangacha... An Fhraincis/an Ghearmáinis... léannta/cultúrtha...
- Polaitoír neamhghnách... aire saothair sa Chéad Dáil... eiseamláir de...
- Bean ghalánta... cuireadh oideachas uirthi sa bhaile... deibiútant i bPálás Buckingham...

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

$$T1 (2) + S1 (4) =$$

$$T2 (2) + S2 (4) =$$

Ag bun Léamhthuiscint A, léirigh na marcanna mar seo:

$$C 1(A) (50) =$$

## LÉAMHTHUISCINT B (50 marc)

### Taighde agus Taiscéalaíocht sa Spás

1. (a) Rinneadh éacht ceannródaíoch ar an 20 Iúil 1969. Tabhair **dhá** phointe eolais faoin éacht sin. (Alt 1)

(Dhá phointe eolais) {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

An chéad phointe eolais atá ceart = 2 mharc; an dara pointe eolais atá ceart = 1 mharc

- Shroich modúl gealaí an Apollo 11 an ghealach
- Shiúil duine ar dhromchla na gealaí den chéad uair riamh
- An spásaire Meiriceánach, Neil Armstrong, a rinne an t-éacht ceannródaíoch sin

- (b) (i) Scríobh síos rud **amháin** faoi lucht féachana na teilifíse an oíche stairiúil sin. (Alt 1)  
(rud **amháin**) {2 mharc}

- Meastar go raibh suas le sé chéad milliún duine ag féachaint (ar na pictiúir a craoladh ar an teilifís ar fud an domhain an oíche stairiúil sin) = 2 mharc
- Ba é sin an lucht féachana ba mhó a bhí ag féachaint ar aon chraoladh beo (go dtí sin) = 2 mharc

- (ii) Cad iad na chéad fhocail a dúirt Neil Armstrong ar an ngealach? (Alt 1)

{2 mharc}

- Céim bheag amháin do dhuine aonair, léim ollmhór don chine daonna = 2 mharc
- Céim bheag amháin do dhuine aonair = 1 mharc
- Léim ollmhór don chine daonna = 1 mharc

2. (a) Cén fáth ar thosaigh spásrás i lár na gcaogaidí? (Alt 2)

{3 mharc}

- Bhí Cogadh Fuar ar siúl idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Sóivéadach ó lár na ndaichidí ar aghaidh = 3 mharc
- Bhí an dá thír, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Sóivéadach, ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar a chéile sa taiscéalaíocht sa spás = 3 mharc
- Bhí siad in iomaíocht le chéile i ngach gné den saol = 2 mharc (Gan ainmneacha an dá thír luaite, tá an freagra easnamhach.)
- Bhí sé mar sprioc ag an dá thír duine a chur ar an ngealach = 2 mharc (Gan ainmneacha an dá thír luaite, tá an freagra easnamhach.)

- (b) (i) Cad a d'éirigh leis an Rúiseach, Yuri Gagarin, a dhéanamh sa bhliain 1961? (Alt 2)

(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Ba é an Rúiseach, Yuri Gagarin, an chéad duine sa spás = 2 mharc
- D'éirigh leis dul timpeall an domhain aon uair amháin i spásárthach = 2 mharc

- (ii) Cad a d'fhógair an tUachtarán, John F. Kennedy, sa bhliain 1961? (Alt 2)

(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Go raibh rún ag Meiriceá duine a chur ar an ngealach roimh dheireadh na seascaidí = 2 mharc

3. (a) Tabhair **dhá** chúis a bhfuil borradh faoin taiscéalaíocht sa spás faoi láthair. (Alt 3)  
(**Dhá chúis**) {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}
- Tá na heolaithe chomh fiosrach faoin spás agus a bhí riamh
  - Cuireann teicneolaíocht an lae inniu ar a gcumas limistéir nua spáis a thaiscéaladh
- (b) (i) Cad atá ar siúl ag an tuirlingeoir róbatach, InSight, faoi láthair? (Alt 3)  
(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}
- Tá tuirlingeoir róbatach de chuid Mheiriceá, InSight, tar éis Mars, (an pláinéad dearg), a shroicheadh. Faoi láthair, tá InSight ag bogadh timpeall ar dhromchla an phláinéid ag déanamh tástálacha ar an ithir agus ar an aer ansin agus ag seoladh faisnéise ar ais abhaile = 2 mharc  
Gan Mars nó an pláinéad dearg luaite, tá an freagra easnamhach.  
Is leor gníomh amháin a lua: ag bogadh **nó** ag déanamh tástálacha **nó** ag seoladh faisnéise.
- (ii) Cad a rinne Chang'e-4 ar an 3 Eanáir i mbliana? (Alt 3)  
(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}
- Thuirling Chang'e-4 ar thaobh cúil na gealaí = 2 mharc
4. (a) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta a cuireadh amach sa spás den chéad uair sa bhliain 1998. (Alt 4)  
(**Dhá phointe eolais**) {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}
- An chéad phointe eolais atá ceart = 2 mharc; an dara pointe eolais atá ceart = 1 mharc
- Is é an stáisiún seo an tsatailít is mó de dhéantús an duine a cuireadh amach sa spás riamh
  - Sé thír déag a d'oibrigh le chéile chun an stáisiún seo a dhéanamh
  - Téann spásairí ó thíortha éagsúla ar bord
  - Déanann spásairí turgnaimh éagsúla ann
- (b) (i) Cén bhaint atá ag ÉireComposites le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa? (Alt 4)  
(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}
- Sa bhliain 2010, fuair an chuideachta ÉireComposites conradh €1.9 milliún ó Gníomhaireacht Spáis na hEorpa chun teicneolaíochtaí nuálacha a chur ar fáil = 2 mharc (Tá gá le 'conradh' agus le 'teicneolaíochtaí nuálacha' a lua sa fhreagra chun an dá mharc a bhronnadh.)
- (ii) Cén tionscadal atá ar siúl faoi choimirce Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, faoi láthair? (Alt 4)  
(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}
- Tá mic léinn ag obair ar an gcéad satailít Éireannach = 2 mharc
5. (a) Luaigh **dhá** shlí a mbaintear tairbhe as na satailítí. (Alt 5)  
(**Dhá shlí**) {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

An chéad slí atá ceart = 2 mharc; an dara slí atá ceart = 1 mharc



- Tá córais choitianta chumarsáide an lae inniu – fóin, raidió, teilifís agus an t-idirlíon – ag brath go mór ar na satailítí = 2 mharc + 1 mharc = 3 mharc
- Is beag long nó eitleán nó carr nach mbaineann leas as an gcóras suite domhanda mar mhodh loingseoireachta agus ní oibreodh an córas sin gan na satailítí = 2 mharc + 1 mharc = 3 mharc
- Úsáideann Met Éireann íomhánna satailíte chun patrúin aimsire a aithint agus chun réamhaisnéis na haimsire a ullmhú = 2 mharc + 1 mharc = 3 mharc

**Treoir:** Is leor aon **dá** cheann as an liosta seo a leanas chun 2 mharc + 1 mharc = 3 mharc a bhronnadh ar an eolas: fóin, raidió, teilifís, an t-idirlíon, long, eitleán, carr, patrúin aimsire nó réamhaisnéis na haimsire

**(b) (i)** Cén chaoi a bhfuil taighde an spáis ag dul i bhfeidhm ar chúrsaí éadaí? (Alt 5)  
(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Tá éadaí ann anois atá an-éadrom ach a choinníonn an corp te = 2 mharc
- Tá éadaí neamh-inlasta ann atá níos fearr ná riamh = 2 mharc
- Tá éadaí ann anois atá an-éadrom = 1 mharc
- Tá éadaí neamh-inlasta ann = 1 mharc

**(ii)** Cén locht a fhaightear ar an taiscéalaíocht sa spás uaireanta? (Alt 5)  
(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Tá costas ollmhór ag baint leis an taighde sa spás = 2 mharc
- Tá costas ag baint leis an taighde sa spás = 1 mharc

**6. (a)** Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 1 **agus** sampla d’ainmfhocal baininsneach sa tuiséal ginideach uatha in Alt 3.  
{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 1: go mbeifear, mbeifear, beifear, cuimhneofar

Sampla d’ainmfhocal baininsneach sa tuiséal ginideach uatha in Alt 3: (chun na) gealaí; (ag seoladh) faisnéise; (de chuid na) Síne; (ar thaobh cúil) na gealaí

**(b)** Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé, **i d’fhocail féin**, ar **dhá** chúis ar scríobh an t-údar an sliocht seo. (Is leor **60** focal.)

**Dhá** chúis = 6 mharc + 6 mharc

Cúis 1 a lua = 2 mharc + Plé ar an gcúis le tagairt chruinn as an sliocht mar thacú léi) = 4 mharc

Cúis 2 a lua = 2 mharc + Plé ar an gcúis le tagairt chruinn as an sliocht mar thacú léi) = 4 mharc

**Treoir:**

Tá ‘bunaithe ar an eolas sa sliocht’ agus ‘i d’fhocail féin’ luaite sa cheist seo. Dá bharr sin, ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d’eolas nach bhfuil sa sliocht.

(Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d’fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar)

Cuir lúbíní cearnacha thart ar abairtí sa fhreagra a thógtar díreach ón sliocht.

**Samplaí:**

- Spreagadh an t-údar chun an t-alt seo a scríobh le comóradh a dhéanamh ar an gcéad duine a thuirling ar an ngealach caoga bliain ó shin... gníomh stairiúil, éachtach i stair thaiscéalaíocht an spáis...
- Stair na taiscéalaíochta sa spás... an choimhlint idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Sóivéadach... dúshlán Kennedy...
- Taiscéalaíocht spáis sa lá atá inniu ann...
- Comhoibriú idirnáisiúnta sa spás...
- Theastaigh ón údar a léiriú dúinn go mbainimid féin leas as fionnachtana a bhain le taiscéalaíocht spáis gach aon lá inár saol féin...
- Tá ár gcórais chumarsáide bunaithe ar shatailítí... cúrsaí taistil agus aimsire...
- Úsáidtear géaga róbatacha agus éadaí neamh-inlasta inár saol laethúil... dhá rud atá tugtha chun foirfeachta sa taighde spáis...
- Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an taiscéalaíocht spáis...

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

C1 (2) + P1 (4) =

C2 (2) + P2 (4) =

Ag bun Léamhthuiscint B, léirigh na marcanna mar seo:

**C 1(B) (50) =**

Suimigh na hiomláin anois:

**Ceist 1(A) (50) =**

**Ceist 1(B) (50) =**

**Iomlán (100) =**

## Ceist 2 PRÓS (30 marc)

– PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH – (30 marc)

**Nóta:** I gcás na gceisteanna 2 (Prós), 3 (Filíocht), agus 4 (Litríocht Bhreise) beidh 5 mharc le bronnadh i ngach cás ar chaighdeán na Gaeilge. Sa Phrós mar sin 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; san Fhilíocht 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; sa Litríocht Bhreise 35 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge.

**Nóta:** Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais. Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) *nó* Ceist 2B (Prós Roghnach).

### 2A. Prós Ainmnithe

Freagair an cheist thíos ar an ngearrscéal *Dís*.

#### Dís

“Tá léiriú sa ghearrscéal *Dís* ar shaol agus ar mheon bhean Sheáin.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

**Eolas = 25 marc**

Catagóir	Eolas (25 marc)	Gaeilge (5 mharc)
<b>Sármhaith</b>	Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas Tuisceint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais Tagairtí sármhaithe, sár-théagartha don téacs Smaointe forbartha go sármhaith	Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)
<b>An-mhaith</b>	Plé cuimsitheach ar an ráiteas Tuisceint shoiléir léirithe sna pointí eolais Tagairtí an-mhaithe, an-téagartha don téacs Smaointe forbartha go han-mhaith	Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)
<b>Maith</b>	Achoimre ar imeachtaí an téacs Insint lom ar príomhghnéithe an téacs sna pointí eolais	Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)
<b>Measartha</b>	Iarracht ar achoimre Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach	Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht).
<b>Lag/An-lag</b>	Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach	Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)

### **Nótaí tacaíochta:**

Is gearrscéal é seo atá scríofa i bhfoirm chomhrá agus léiríonn an comhrá seo an cineál saoil a bhí ag bean Sheáin agus an meon a bhí aici i dtaobh stádas na mban.

**SAOL:** Léirithe trí na rudaí a dhéanann sí, na rudaí a tharlaíonn di agus conas mar a chaitheann sí a saol agus a caidreamh le Seán agus le bean an tsuirbhé.

**MEON:** Is óna caint is mó a fhaightear léargas ar a meon.

- Saol leamh leadránach atá aici...an bhean ag fanacht sa bhaile agus an fear amuigh ag obair...níl comhlúadar aici i rith an lae ach an leanbh...
- Tá sí míshásta lena saol...míshásta lena ról mar bhean tí...ní dhéanann sí ach obair tí agus obair mháthar lá i ndiaidh lae...is léir nach dtugann an ról seo sásamh di...
- Gan aon fhonn cainte ar Sheán nuair a thagann sé abhaile ach teastaíonn comhrá uaithe...an teannas sa chaidreamh...
- Ní léiríonn Seán mórán measa ar an obair a dhéanann sí...ní fhaigheann sí go leor tacaíochta uaidh...teastaíonn uaidh an páipéar a léamh...
- Tá an teannas le feiceáil ón tús...‘cuir síos an páipéar agus bí ag caint liom’...an comhrá gonta idir an bheirt acu...
- Tagann bean an tsuirbhé isteach sa scéal...an deis aici anois a tuairimí a nochtadh faoina stádas agus faoina pósadh...an locht ar Sheán...bhí cúrsaí tí ag déanamh tinnis di an lá sin...bhí áthas uirthi labhairt le bean an tsuirbhé...
- Teipeann uirthi aird Sheáin a fháil agus faigheann sí freagraí gonta mar ‘Hu?’...is tábhachtaí an páipéar ná mise’ a deir sí...lorgaíonn sí cuid den pháipéar uaidh...
- Athlasann an mhír sa nuachtán a cuimhní ar an tsuirbhé agus insíonn sí do Sheán go bhfuil siad sa pháipéar ag rá go bhfuil an ceathrú cuid de mhná pósta na tíre míshona, míshásta agus gur thug sí gach eolas don bhean...
- Ní éistean Seán léi...úsáideann sí an tsuirbhé chun a tuairimí a nochtadh faoin gcaidreamh agus faoi mhná ach admhaíonn sí nach raibh sí ag insint na fírinne...
- Ceapann sí nach bhfuil meas ar bith ag daoine ar mhná...deir sí go mba cheart gach bean a dhó in éineacht lena fear céile faoi mar a dhéanadh na hIndiaigh fadó...
- Fad is atá Seán ag léamh, tá sruth cainte ag sileadh uaithe...deir sí go gcuirfidh sí síos ‘*statistic*’ as seo amach faoin teideal ‘*occupation*’ ar fhoirmeacha oifigiúla...ceapann sí go bhfuil mná tí mar ‘sclábhaithe ina dtithe féin’...
- Cáineann sí na fir go láidir...‘diabhail chruthanta’ a bhí sna fir dar léi...
- Tagann níos mó frustrachais uirthi...insíonn sí do Sheán go bhfaighidh sí obair fad a bheidh bean an tsuirbhé ar saoire mháithreachais...beidh airgead aici don sorn nua...níl Seán sásta...
- Is bean uaigneach, mhíshona, aonarach í...bean nach bhfuil ar a suaimhneas...is cuma le Seán ann nó as í...tá sé beag beann ar a fadhbanna...
- Mothaíonn sí teanntaithe ina saol...teastaíonn uaithe rud fíúntach fóna a dhéanamh lena saol...tá neamhspleáchas uaithe...
- Bhí ról lárnach ag bean an tsuirbhé mar ba í an catalaíoch a chuir bean Sheáin ag smaoineamh ar a saol, ar shaol na mban, ar stádas na mban agus ar an tsaoirse...tá athrú ag teastáil uaithe...
- Titeann Seán ina chodladh agus tuigtear dúinn nach bhfuil aon fhuascailt faighte aici agus go bhfuil gach rud díreach mar a bhí...

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) agus as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C2A (30) =

## 2B. Prós Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.

Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) sa ghearrscéal sin. Déan plé ar an léargas a thugtar dúinn ar shaol agus ar mheon an duine sin ó thús go deireadh an ghearrscéil.

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

**Eolas = 25 marc**

**Treoir:** An príomhcharachtar (an phríomhphearsa) a ainmniú agus plé cuimsitheach a dhéanamh ar shaol agus ar mheon an duine sin sa ghearrscéal.

Catagóir	Eolas (25 marc)	Gaeilge (5 mharc)	
<b>Sármhaith</b>	Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais Tagairtí sármhaithe, sár-théagartha don téacs Smaointe forbartha go sármhaith	Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	5
<b>An-mhaith</b>	Plé cuimsitheach ar an ráiteas Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais Tagairtí an-mhaithe, an-téagartha don téacs Smaointe forbartha go han-mhaith	Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	4
<b>Maith</b>	Achoimre ar imeachtaí an téacs Insint lom ar phríomhghnéithe an téacs sna pointí eolais	Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	3
<b>Measartha</b>	Iarracht ar achoimre Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach	Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	2
<b>Lag/An-lag</b>	Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach	Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	1

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) agus as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C2B (30) =

## Ceist 3 **FILÍOCHT (30 marc)**

– **FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH** – (30 marc)

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) *nó* Ceist 3B (Filíocht Roghnach).

### 3A. Filíocht Ainmnithe

- (i) “Cuimhní an fhile ar nósanna a bhain le saol an oileáin ina óige atá sa dán *An tEarrach Thiar*.”  
É sin a phlé.

**Eolas = 13 mharc**

<b>Catagóir</b>	<b>Cur síos (13 mharc)</b>	<b>Marcanna</b>
Sármhaith	Plé sármhaith ar nósanna a bhain le saol an oileáin ina óige mar aon le tagairtí cruinne, ábhartha don dán	12-13
An-mhaith	Plé an-mhaith ar nósanna a bhain le saol an oileáin ina óige mar aon le tagairtí cruinne, ábhartha don dán	10-11
Maith	Plé maith ar nósanna a bhain le saol an oileáin ina óige mar aon le tagairtí cruinne, ábhartha don dán	8-9
Measartha	Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach	6-7
Lag/An-lag	Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach	0-5

**Treoir:** Ní mór don iarrthóir an ráiteas seo a phlé ag tagairt do na nósanna mar a léirítear iad sa dán agus cuimhní an fhile i leith na nósanna sin. Ní mór don iarrthóir tagairtí cruinne do théacs an dáin a úsáid sa fhreagra.

Roinneann an file sraith d’iomhánna linn a léiríonn na nósanna agus na bealaí saoil a bhí ag muintir Árann le linn óige an fhile. Is cuimhní cinn iad na nósanna seo ar a cheantar dúchais, Inis Mór...

Taispeánann na nósanna agus na traidisiúin seo an ceangal a bhí ag muintir an oileáin leis an talamh agus leis an bhfarraige agus bhraitheadar orthu mar shlí mhaireachtála. Taispeánann na nósanna a bhain le saol an oileáin cultúr agus traidisiúin an oileáin agus mórtas cine mhuintir an oileáin...

Véarsa 1: Tugtar léargas dúinn ar mhuintir Árann ag saothrú na talún mar shlí mhaireachtála...an fear ag glanadh créafóige den láí/spáid agus é ag cur prátaí chomh maith le fuaim na láí ag tochailt faoin ithir...obair throm a bhí i gceist...tugann an file le fios dúinn gur bhain suaimhneas leis an oileán...

Véarsa 2: Nós na hiascaireachta...an fear ag leagan cliabh feamainne síos dá dhroim agus an fheamainn ag lonrú faoin ngrian...

Véarsa 3: An radharc de na mná i mbun oibre ag bailiú sliogéisc thíos in aice leis an taoide agus a gcuid sciortaí crochta acu ar fhaitíos go bhfaighidís fliuch...scáileanna na mban san uisce...atmaisféar socair agus suaimhneach...

Véarsa 4: Nós na hiascaireachta anseo...na hiascairí ag fillleadh abhaile um thráthnóna ina gcuid curach lán le héisc agus glór na maidí rámha ag bualadh in aghaidh thaobhanna na gcurach...uisce na farraige ag lonrú faoin ngrian...suaimhneas le brath ar an oileán...

- (ii) Cén mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin?  
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

**Eolas = 5 mharc**

An mothúchán a ainmniú = 1 mharc

Pointe **amháin** eolais = 4 mharc

Mothúchán a ainmniú: áthas/brón/bród/iontas/meas/cion/éad/trua...

**Mar phointe eolais**, ní mór don iarrthóir míniú a thabhairt ar an tuairim sin i gcomhthéacs an dáin agus tagairtí do línte cruinne ón dán a úsáid.

**Samplaí:**

- **Áthas** mar go bhfuil gach rud ar an oileán in ord nádúrtha, nach bhfuil rud ar bith diúltach le brath...
- **Brón** mar nach bhfuil anseo ach cuimhní agus go bhfuil an ré seo thart...
- **Iontas** faoi fheabhas chuimhne an fhile...
- **Amhras** nach raibh an saol riamh chomh hiontach ar oileán sceirdiúil...

Catagóir	Marc as 4
Sármhaith	4
An-mhaith	3
Maith	2
Measartha	1
Lag/An-lag	0

- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

**Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = 1 mharc

Saol agus saothar an fhile sin = 6 mharc

**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: 2 mharc an ceann ar na trí phointe eolais

(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile)

**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart, bronn 0 ar an mír ar fad.

**Ainm an file** = Máirtín Ó Direáin = 1 mharc

**Saol:** Rugadh é in Inis Mór, Oileán Árann sa bhliain 1910...ba é Máirtín an duine ba shine de cheathrar clainne...fuair a athair bás i 1917 nuair a bhí a chlann fós óg...ní raibh ach an bhunscolaíocht aige...nuair a bhí Máirtín fós sna déaga, fuair sé post in Ard-Oifig an Phoist i nGaillimh...bhí bua na haisteoireachta ag Máirtín agus bhí baint aige le Taibhdhearc na Gaillimhe sna fichidí agus sna tríochaidí...bhog sé go Baile Átha Cliath sa bhliain 1937...d'oibrigh sé sa Roinn Oideachais i mBaile Átha Cliath...fuair sé bás sa bhliain 1988

**Saothar:** Feamainn Bhealtaine (1961): bailiúchán d'aistí dírbheathaisnéise a thugann léargas ar a chúlra agus ar a fhorbairt intleachtúil

Cnuasaigh filíochta: Coinnle Geala (1942); Dánta Aniar (1943); Rogha Dánta (1949); Ó Mórna agus Dánta eile (1957); Ár ré dhearóil (1962); Cloch Choirnéil (1966); Crainn is airde (1970); Ceacht an Éin (1979); Dánta 1939-1979 (1980), Béasa an Túir (1984)

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.



<b>Gaeilge</b>	<b>(5 mharc)</b>
Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	5
Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	4
Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	3
Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	2
Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	1

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C3A (30) =

### 3B. Filíocht Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.

- (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin. Déan plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama sin ó thús go deireadh an dáin.

Eolas = 13 mharc

Príomhthéama = 2 mharc

Plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama sin ó thús go deireadh an dáin = 11 mharc

Catagóir	Marc as 11
Sármhaith	10, 11
An-mhaith	8, 9
Maith	6, 7
Measartha	4, 5
Lag/An-lag	0, 1, 2, 3

- (ii) Cén mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin?  
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra).

Eolas = 5 mharc

An mothúchán a ainmniú = 1 mharc

Pointe **amháin** eolais = 4 mharc

Catagóir	Marc as 4
Sármhaith	4
An-mhaith	3
Maith	2
Measartha	1
Lag/An-lag	0

#### Treoir

- An mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin: tuairim phearsanta an iarrthóra atá á lorg sa fhreagra seo...músclaíonn an dán...ionam...
- Mar phointe eolais**, ní mór don iarrthóir míniú a thabhairt ar an mothúchán sin i gcomhthéacs an dáin agus tagairtí do línte cruinne ón dán a úsáid.

- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

Eolas = 7 marc

Ainm an fhile = 1 mharc

Saol agus saothar an fhile sin = 6 mharc

Trí phointe eolais ag teastáil anseo: 2 mharc an ceann ar na trí phointe eolais (Dhá cheann ar shaol agus ceann ar shaothar an fhile nó dhá cheann ar shaothar agus ceann ar shaol an fhile)

Nóta: Má bhíonn ainm an fhile mícheart, bronn 0 ar an mír ar fad.

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) agus as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Gaeilge	(5 mharc)
Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	5
Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	4
Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	3
Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	2
Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	1

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C3B (30) =

## Ceist 4 LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E nó F) thíos.

**Treoracha:** Iarrtar ar na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar an ráiteas agus eolas/tuairimí a léiriú sa fhreagra agus úsáid a bhaint as samplaí cruinne, téagartha ón téacs. Déantar an freagra a mheas mar aonad agus an t-eolas a mharcáil as 35 marc agus an Ghaeilge san iarracht a mheas as 5 mharc. Ní mór don scrúdaitheoir an mionbhriseadh marcanna seo a léiriú sa fhreagarleabhar.

Catagóir	Eolas (35 marc)		Gaeilge (5 mharc)	
<b>Sármhaith</b>	Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais Tagairtí sármhaithe, sár-théagartha don téacs Smaointe forbartha go sármhaith	30-35	Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	5
<b>An-mhaith</b>	Plé cuimsitheach ar an ráiteas Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais Tagairtí an-mhaithe agus an-téagartha don téacs Smaointe forbartha go han-mhaith	25-29	Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	4
<b>Maith</b>	Achoimre ar imeachtaí an téacs Insint lom ar príomhghnéithe an téacs sna pointí eolais	20-24	Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	3
<b>Measartha</b>	Iarracht ar achoimre Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach	14-19	Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht).	2
<b>Lag/An-lag</b>	Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach	0-13	Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	1

Eolas (35) =

Gaeilge (5) =

C4 (40) =

### 4A. An Triail

“Creideann go leor de na carachtair (na pearsana) sa dráma *An Triail* nach bhfuil aon mhilleán orthu féin faoi thragóid an chailín óig, Máire Ní Chathasaigh.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

**Eolas = 35 marc**

**Duine amháin** luaite agus pléite, tá an freagra easnamhach. Déan an freagra a mharcáil mar seo a leanas:

Eolas (35-10) (25) =

Gaeilge (5) =

### **Nótaí tacaíochta:**

**Bean Uí Chathasaigh:** ‘Ní ormsa is cóir aon phioc den mhilleán a chur...thóg mise go creidiúnach agus go críostúil í’...cad eile a d’fhéadfainn a dhéanamh di?’...duine údarásach...béim mhór aici ar reiligiún agus ar thuairim na gcomharsan...faigheann sí deoch nimhe chun an ghin a mharú...diúltaíonn Máire an deoch a ól...‘tá tú ceandána chomh maith le bheith mígheanmnaí’, arsa an mháthair le Máire...lorgaíonn sí ainm an fhir, caithfidh siad pósadh agus dul go Sasana...cuireann sí mallacht ar a hiníon, ag tabhairt ‘striapach’ uirthi...alltacht uirthi anois – ‘mé náirithe os comhair na gcomharsan’...‘í féin a tharraing an trioblóid uirthi féin’...‘ní aon pheaca deireadh a chur le rud neamhghlan - rud a bhí mallaithe ag Dia agus ag duine’...níor thaispeáin Bean Uí Chathasaigh trócaire do Mháire in am an ghátair...thréig sí a hiníon agus b’éigean do Mháire imeacht ón teach...

**Seán Ó Cathasaigh:** É ag insint dá mháthair go mbíodh Máire breoite go minic...gur tharraing Máire ‘náire shaolta’ orthu...‘loit sí an saol’ orthu...‘chiontaigh sí in aghaidh Dé’...‘ba chóir a bheith dian uirthi’...bheifeá ag súil go dtaispeánfadh seisean trua agus carthanacht do Mháire ós rud é gurbh ábhar sagairt é...sceith sé ar Mháire agus an leithscéal a bhí aige: ‘cén leigheas a bhí agam air sin?’...ní dhearna sé iarracht ar bith Máire a chosaint ar a máthair cé gur admhaigh sé go raibh ‘Mam ródhian’ ar Mháire...náirigh Máire a muintir, dar le Seán agus bhí air éirí as an tsagartóireacht...

**Liam Ó Cathasaigh:** ‘Ní ormsa is cóir aon phioc den mhilleán a chur’...níor chuidigh sé lena dheirfiúr...eisean a thug Máire chuig an rince sa teach scoile ach níor ghlac sé freagracht ar bith as imeachtaí na hoíche sin...d’fhág sé ag an rince í, an áit ar thosaigh a cuid trioblóidí...‘ní mise a coimeádaí’...ní raibh a fhios aige cad a tharla ar oíche an rince sa teach scoile...chreid sé go raibh Máire aosta a dóthain chun aire a thabhairt di féin...a chúraimí féin a bhí ag goilliúint air...bhris Beití an cleamhnas leis mar níor fhéad sí an phoiblíocht a sheasamh...an oíche a fuair an mháthair amach faoi chruachás Mháire, ‘tá an oíche loite agat orm’ arsa Liam le Máire...

**Pádraig Mac Cárthaigh:** Eisean a fhágann Máire torrach, meallann sé í ag an rince...tagann sé i dtír ar an easpa taithí atá aici ar an saol...thréig sé Máire...ní raibh sé ag an ionad coinne agus níor thug sé cúnaimh nó tacaíocht ar bith di...Pádraig pósta athuair ach ag dul go teach an mhí-chlú...aithníonn sé Máire ach níl aird ar bith aige ar a iníon ‘ní mian liom í a fheiceáil’...níl trua ar bith aige do chás Mháire...sa reilig, ní dúirt sé focal ach cába a chóta a chasadh aníos thar a mhúineál agus imeacht ar nós cuma leis...cladhaire mealltach a bhí ann nach raibh uaidh ach a ainmhianta féin a shásamh...chosain sé é féin go cúramach le rúndacht fad is a bhain sé leas as Máire...nuair a tháinig sé go teach an mhí-chlú le Mailí sa deireadh, thuig Máire fírinne an scéil den chéad uair...shéan sé a iníon agus ghlaigh sé ‘striapach’ ar Mháire...

**Bean Uí Chinsealaigh:** D’fhostaigh sí Máire mar chúntóir tís ach scaoil sí léi nuair a thug sí faoi deara go raibh sí torrach...bhí sí sásta cúnatóir tís a fhostú gan litreacha molta, ach ní ligfeadh sí do chailín óg torrach a bhí neamhphósta fanacht sa teach...‘cad a déarfadh na comharsana?’...‘cad a déarfadh na mná rialta?’...‘ní fhéadfainn í a choimeád sa teach’...chomh luath is a thuig sí go raibh Máire ag iompar clainne, theastaigh uaithi an bóthar a thabhairt di ar eagla go ndéanfadh Máire truailliú ar a cuid iníonacha féin...bheadh sí lánsásta Máire a athfhostú ach gan an leanbh a bheith léi...

**Áine Ní Bhreasail (An tOibrí Sóisialta):** Chreid sí go láidir gurbh é an socrú ab’fhearr ná go rachadh Máire isteach sa Teach Tearmainn go dtí go saolófaí an leanbh...chuir sí brú ar Mháire an leanbh a chur ar altramas...chuir sí rialacha an chórais i bhfeidhm...mhínigh sí do Mháire an cineál saoil a bheadh i ndán di dá gcoinneodh sí an leanbh agus í neamhphósta...‘Ní haon dóichín do chailín óg leanbh tabhartha a bheith aici’...‘Rinne mé mo dhícheall di ach bhí sí stuacach ceandána’...ba

bheag an trua a bhí aici do chruachás Mháire...sheas sí don mheon coitianta gur chóir na leanaí tabhartha a thabhairt do dhaoine ‘creidiúnacha’...cháin sí Máire mar gur theastaigh uaithi an leanbh a choimeád...chuir sí i leith Mháire go raibh sí leithleasach agus nach raibh sí ag smaoineamh ar leas a linbh: ‘Ba mhaith leat do leanbh a bheith agat mar bhábóg,’ a dúirt sí le Máire...

**Seáinín an Mhótair:** Thuig sé firinne agus réaltacht an tsaoil...nuair a bhí Máire agus a páiste fágtha ar thaobh na sráide gan lóistín...‘Cé a deir gur tír chríostaí í seo?’...thuig sé cruachás Mháire...‘bhris sí na rialacha. An té a bhriseann rialacha an chluiche cailltear ann é’...

**An Teach Tearmainn:** Throid Máire in éadan an chórais ach ba bheag cabhair a fuair sí seachas ó Mhailí...thuig Nábla na constaicí a bheadh roimh mháthair neamhphósta le leanbh tabhartha...

**Na mná sa teach lóistín:** Léiriú maith ar dhearcadh na sochaí sna seascaidí ar mháithreacha neamhphósta...‘í mór inti fein’...‘rómhór dá bróga’...‘agus gan aici ach leanbh tabhartha’...

#### 4B. A Thig Ná Tit Orm

“Sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*, tugann Maidhc Dainín cuntas spéisiúil dúinn ar eachtraí a óige agus ar shaol a mhuintire nuair a bhí sé ag fás aníos sa Ghaeltacht.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

**Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Ní mór don iarrthóir plé a dhéanamh ar an dá ghné den ráiteas – eachtraí a óige agus saol a mhuintire.

Gan ach gné amháin luaite agus pléite, tá an freagra easnamhach. Déan an freagra a mharcáil mar seo a leanas:

Eolas (35-10) (25) =

Gaeilge (5) =

#### Nótaí tacaíochta:

- An chéad Luan de Mheán Fómhair 1947 agus a chéad lá ar scoil...an caidreamh lena mháthair... an t-ullmhúchán don scoil agus an mháthair ag siúl ar scoil le Maidhc Dainín...cheap sé go raibh sé ag dul go dtí an siopa...
- An leasainm Siúit óna athair...ag troid ar scoil le Tomás, fuair siad beirt íde béil agus buillí den tslat fuinseoige ón máistreás...
- An chaid mar chaitheamh aimsire...an cur síos ar an gcluiche le liathróid bheag rubair, clocha ag marcáil na mbáidí, ní bhíodh aon rialacha, ní bhíodh aon mholtóir nó réiteoir i bhfeighil an chluiche...
- Cuairt an chigire...an cigire agus an chaint ó Uinseann Ó Grífn...
- An scéal faoi bhean an tincéara ag róstadh rud éigin sa chorcán ar an tine oscailte...caitheadh an sraithín isteach i gcorcán bhean an tincéara...
- An ceacht ar scoil faoin gcat agus faoin bpiscín...
- Nós na bothántaíochta le linn óige Mhaidhc...an scéalaíocht san oíche...na scéalta a bhíodh ag Grae...
- Ní raibh solas aibhléise sna tithe...an lampa íle...an tine mhóna...dhá raidió sa pharóiste – Tigh Mhaidhc agus tigh an mhúinteora...ag éisteacht leis an nuacht gach tráthnóna agus lá an *All-Ireland*...daoine amuigh sa ghairdín ag éisteacht le Micheál Ó hEithir...an bhean agus í ag éisteacht leis an raidió...

- Ag iascaireacht...na bradáin...Dainín ag titim isteach san abhainn agus ‘a phíp fós ina dhraid aige’...na gardaí ag faire na habhann ag an am sin...daoine ag iascach go mídhleathach...
- Na toitíní...nós a bhíodh ag na buachaillí óga...Maidhc ag éirí breoite...muintir Hutch, Eddie agus a uncail, Maidhc...chun airgead na dtoitíní a fháil...ag goid uibheacha nó ag gearradh eireaball na gcapall...
- Suim ollmhór ag Maidhc, ag a dheartháir Páidí agus ag a dtuistí sa cheol...*Cox of Kilcock* agus na boscaí *Hohner*...dhá phunt ó Mham mar éarlais...Seán Ó Domhnaill, an ceoltóir áitiúil...Sean Coughlan agus ceol i Chicago...Dainín ag seinm ar mhíleoidean...
- Easpa suime ag Maidhc Dainín sna leabhair...
- Rásaí naomhóg le ceardscoil an Daingin...an bua ag criú na Fianaite...cúrsaí caide sa cheardscoil...
- Maidhc ag obair do na feirmeoirí áitiúla ag gabháil d’fhéar sa ghort...
- Na cúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht...samhradh 1958...

#### 4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

“An choimhlint idir na príomhcharachtair (na príomhphearsana), Fionn, Diarmaid agus Gráinne, agus a mianta éagsúla is cúis leis an teannas sa *Tóraíocht*.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

**Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach ar na carachtair Fionn, Diarmaid agus Gráinne agus an chaidreamh teannasach idir an triúr acu...

- Éad agus fonn díoltais Fhinn...uaisleacht agus dánaíocht Dhiarmada...scéiméireacht agus leithleas Ghráinne...
- Seanfhear uaigneach a d’fhéadfadh a rogha ban a bheith aige, a roghnaíonn duine a thugann freagra drogallach air agus a imíonn le fear eile...teastaíonn ón mbean óg láidir a saol féin a roghnú, a úsáideann geasa chun a slí féin a fháil...laoch óg dílis, nach féidir leis geasa a bhriseadh ná diúltú cosaint a thabhairt don chailín óg...
- Tosaíonn an tóraíocht...Fionn maslaithe...Diarmaid agus Gráinne imithe le chéile...
- Gráinne iarratach...Diarmaid ag iarraidh fanacht dílis d’Fhionn ach ag fanacht le Gráinne...
- Na heachtraí i nDoire Dá Bhaoth...
- An tóraíocht ar siúl ach Diarmaid fós gan teagmháil ná baint le Gráinne agus píosa feola mar chomhartha d’Fhionn agus do na Fianna...
- Fuath Fhinn agus a fhonn díoltais ag méadú...Diarmaid agus Gráinne ag iarraidh na baic éagsúla a shárú...
- D’imigh Muadhán...rinne Diarmaid bean de Ghráinne...
- An scéal ina phraiseach ceart anois...doirteadh fola...boladh Dhiarmada ar na caora...cluiche fichille...trí phóg...
- Síocháin...
- An chríoch thragóideach...

#### 4D. Gafa

“Is iad na bréaga agus an mhímhacántacht sa chaidreamh idir na carachtair (na pearsana) éagsúla is cúis le cuid mhór de na deacrachtaí sa teaghlach sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

**Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach a dhéanamh ar na bréaga agus ar an mímhacántacht sa chaidreamh idir na carachtair (na pearsana) éagsúla i bhfianaise na n-imeachtaí san úrscéal...

### **Nótaí tacaíochta:**

- Eoin ag cur na ngiurléidí i bhfolach faoina leaba...
- Tar éis na giurléidí a fheiceáil, ní deir Eithne aon rud le Breandán...
- Ní sheasann Breandán le hEithne nuair a ghlaonn Eoin Froggy ar an múinteoir Fraincise...
- Nuair a thagann Eoin isteach déanach oíche amháin, ceistíonn Breandán é agus cé go bhfuil fhios aige go bhfuil Eithne neirbhíseach, ní cheistíonn sé Eoin go mion...
- Eoin ag rá go raibh sé i dteach Chillian Mhic Raghnaill ag éisteacht le ceol...
- Eoin ag úsáid na bhfocal ‘A Dhaid’ ionas go mbeidh Breandán sásta...
- Breandán ag dul chun a dheartháir a fheicéail...
- Ní éistean Breandán ná Eoin leis an gcomhairleoir...
- Breandán mídhilis d’Eithne... tá fhios ag Eoin faoi mhímhacántacht Bhreandáin...
- An choinne leis an gcomhairleoir...
- Eoin ag caint le Breandán sa charr... Eithne ábalta cuma an bhréagadóir a fheicéail ar aghaidh Eoin...
- Breandán agus Eoin ag féachaint ar a chéile trí scáthán an chairr agus an mhímhacántacht go soiléir...
- Breandán ag taobhú le hEoin... ag caint ar na seascaidí/na seachtóidí ag rá gur bhain gach duine triail éigin as drugaí...
- Eoin ag dul isteach chuig lár na cathrach chun bualadh le cara leis...
- Breandán ag rá go bhfuil sé ag dul amach ag ceiliúradh le múinteoirí ón scoil...
- Eithne ag caint le Joe Ryan agus ag fáil amach nach raibh Breandán amuigh leis an oíche roimhe sin...

### **4E. Canary Wharf**

“Sa scéal *Mil*, tugtar léiriú éifeachtach dúinn ar iompar na beirte, Meagan agus Deibí, agus ar an gcasadh gan choinne ag deireadh an scéil.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

**Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach a dhéanamh ar iompar na beirte, Meagan agus Deibí nuair a cailleadh Bairtliméad Maxwell agus an casadh gan choinne ag deireadh an ghearrscéil.

### **Nótaí tacaíochta:**

- Ón gcur síos a thugtar ar iompar na beirte an tráthnóna ar bhásaigh Bairtliméad Maxwell tá sé soiléir gur cuma leo faoina seanuncail... an scéal curtha chuig an adhlacóir agus chuig an dlíodóir sular bhásaigh sé... ní fhéadfaidís fanacht lena mhaoin a fháil... ‘Meas tú cá bhfuil an chreach’ arsa Deibí lena deirfiúr... chuir Meagan ceist ar Oscar faoin uacht... ‘Níor luadh an ...eh... an t-airgead’... leanann sí uirthi ag cur ceisteanna ar Oscar atá ag iarraidh tae a ullmhú do na cuairteoirí atá istigh... insíonn sí go bhfuil fiosrú déanta agus nach bhfuil teacht ar aon chuntas bainc, nach bhfuil ‘aon fhianaise go bhfuil aon rud sa chomhar creidmheasa, ná fiú in oifig an phoist aige’...
- Istigh sa pharlús, cuireadh alltacht ar Oscar... Deibí agus a fear ag breathnú faoin urlár féachaint an raibh aon rud ann... ansin thug Deibí aghaidh ar an gcófra te... nuair a chonaic Oscar an dream óg ag déanamh damáiste sa ghairdín chuir sé an ruaig ar an dream ar fad... ‘Ghoill sé go mór ar Oscar go raibh comóradh an Uasail Maxwell iompaithe ina sheilg ghránna seod, gan taise gan trócaire’...



- Chaith Oscar na blianta ag obair le Maxwell...bhí sé mar fheighlí pearsanta aige...theastaigh ó na cailíní ‘an oiread agus ab fhéidir leo a fháil as an eastát aige – gach rud ach an teachín lofa agus na fadhbanna a bhain leis’...bhí cruinniú acu leis an dlíodóir a bhí ag cur brú ar Oscar...caint ar dtús faoi bhíllí leighis a bhí le híoc...ansin socrú déanta – gach rud sa teach do na mná, an teachín folamh agus an talamh timpeall air d’Oscar...shínigh Oscar an comhaontú...
- É amuigh sa ghairdín ag tabhairt aire do na beacha arís, obair a dhéanadh sé gach aon bhliain, obair a ligeadh i bhfaillí fad a bhí an tUasal Maxwell tinn...ag machnamh dó féin ar an obair a bhí le déanamh chun rudaí a chur ina gceart arís sna coirceoga...tugann sé fásra faoi deara, fungas de shaghas éigin...nuair a scaipeann an deatach agus nuair a fhaigheann sé radharc níos fearr ‘ní fungas a bhí ag ithe na coirceoige...istigh ar bharr na círe, i bpacáistí néata plaisteacha, bhí burlaí airgid curtha i bhfolach ag an Uasal Maxwell’...an casadh gan choinne...cleas imeartha ag an seanuncail ar an mbeirt chailíní, agus luach saothair tugtha don seirbhíseach dílis...an t-airgead curtha i bhfolach in áit nach gcuardódh duine ar bith...

#### 4F. Dánta Breise – Colmáin

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

- (i) Tugann an file léiriú dúinn ar iompar an chait agus ar chríoch thrágóideach an chait sa dán *Colmáin*.  
Déan plé ar an ráiteas sin **Eolas = 19 marc**

**Treoir:** Plé ar an léiriú a thugtar ar iompar an chait agus ar chríoch thrágóideach an chait mar aon le tagairtí cruinne téagartha do théacs an dáin atá ag teastáil sa fhreagra.

Catagóir	Eolas	(19 marc)
<b>Sármhaith</b>	Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais Tagairtí sármhaithe, sár-théagartha ón dán Smaointe forbartha go sármhaith	17-19
<b>An-mhaith</b>	Plé cuimsitheach ar an ráiteas Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais Tagairtí an-mhaithe agus an-téagartha ón dán Smaointe forbartha go han-mhaith	14-16
<b>Maith</b>	Achoimre ar imeachtaí an dáin Insint lom ar phríomhghnéithe an dáin sna pointí eolais	11-13
<b>Measartha</b>	Iarracht ar achoimre Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach	8-10
<b>Lag/An-lag</b>	Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach	0-7

#### Nótaí tacaíochta:

An cat uaigneach ina chónaí i dteach gar don spéir...chreid an cat gur cholmán a bhí ann...ba iad na colmáin an t-aon chomhlúadar a bhí aige ina áit chónaithe bhuan ar an seachtú hurlár...é in éad leis na colmáin...chreid sé gur cholmán é féin ó dhúchas...ní raibh cat eile riamh ina chomhlúadar chun aithris a dhéanamh ar a gheáitsí...chreid an cat go raibh sé cosúil leis na daoine...a iompar aisteach, áiféiseach ina shuí ag an mbord go múinte leis an lánúin óg agus naipcín faoina bhéal...easpa

tuisceana aige ar a dhúchas nádúrtha...díbríodh é ón mbord agus cuireadh mias de bhia cait os a chomhair...shanntaigh sé comhlúadar na gcolmáin...theastaigh uaidh aithris a dhéanamh ar a ngníomhartha...é suite go ciúin ar leac na fuinneoige ag faire orthu...theastaigh uaidh a bheith cosúil leo agus súgradh leo ach fuair sé diúltú uathu...níor thuig sé nach raibh cumas eitilte ann cosúil leis na colmáin...níor ghlac sé lena dhúchas féin...theastaigh uaidh aird na n-éan a fháil trí eitilt cosúil leo...gan sciatháin, theip air agus maraíodh é...bhí sé dall ar a dhúchas féin agus ba é toradh na daille ná an bás...cuireadh an cat sa chré agus bhí na colmáin ag canadh go binn ó leac na fuinneoige ag déanamh comhbhróin lena bhás...

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

**Míniú = 7 marc**

Ní fhaca sé a mhacasamhail féin ariamh,  
cat dá dhéanamh, dá dhath, dá dhreach.  
Ní fhaca sé ach daoine agus colmáin ar an aoirdeacht.

Catagóir	Marc as 7
Sár-mhaith	6-7
An-mhaith	5
Maith	4
Measartha	3
Lag/An-lag	0-2

**Míniú:**

Ní fhaca sé créatúr cosúil leis féin riamh...ní fhaca sé cat cosúil leis féin mar bhí sé ina chónaí ar an seachtú hurlár den áras spéire...ní fhaca sé cat a bhí cosúil leis ó thaobh crutha, datha agus foirme...ní fhaca sé ach daoine agus colmáin in airde ar an bhfoirgneamh...ní raibh sé eolach ar a dhúchas féin mar tógadh é óna dhúchas féin agus ní raibh timpeall air ach daoine agus colmáin...bhí an cat scartha amach óna fhréamhacha nádúrtha...

(iii) Cén tábhacht, dar leat, a bhaineann leis na colmáin sa dán? Is leor **dhá** phointe eolais.

Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra.

**Eolas = 9 marc**

Pointe Eolais 1 = 5 mharc

Pointe Eolais 2 = 4 mharc

Catagóir	Marc as 5	Marc as 4
Sármhaith	5	4
An-mhaith	4	3
Maith	3	2
Measartha	2	1
Lag/An-lag	0, 1	0

**Nótaí tacaíochta:**

Saol saor nádúrtha á chaitheamh ag na colmáin ach saol mínádúrtha á chaitheamh ag an gcat...an cat ag déanamh aithrise ar dhaoine agus ar cholmáin chun a uaigneas agus a choimhthíos a sháru...níor thuig an cat gur chat é agus faoi dheireadh fuair sé bás ag iarraidh a bheith ina éan...thuig na colmáin a ndúchas ach níor thuig an cat a nádúr ceart...féinaitheantas...na colmáin dílis dá nádúr ach rinne an cat iarracht dul i gcoinne a nádúir...codarsnacht idir tuiscint na gcolmáin ar a ndúchas agus easpa tuisceana an chait ar a dhúchas...seasann na colmáin dóibh siúd a thuigeann a n-aitheantas agus nach n-iarrann a mhalairt...a mhalairt atá fíor don chat...an cat in amhras faoina dhúchas fireannach...

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) agus as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

<b>Gaeilge</b>	<b>(5 mharc)</b>
Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	5
Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	4
Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	3
Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	2
Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht)	1

Eolas (35) =

Gaeilge (5) =

Ceist 4 (40) =

## Socruithe Réasúnta agus Scéim Mharcála Mhodhnaithe

Cuirtear **Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith, beidh a (h)uimhir scrúduithe luaite ar na leatháin mharcála agus réiltín (\*) taobh leis an scrúduimhir.

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.

Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

### Litriú:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measánú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirfear línte dearga faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

### Cruinneas na Gaeilge:

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaille; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfocal...

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measánú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an uraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí...

Cuirtear **An Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- An Chluastuiscint: Gaeilge (0 - 3 mharc)
- Páipéar 1: An Cheapadóireacht – An Cumas Gaeilge (80 marc)
- Páipéar 2: Ceist 2: Prós Ainmnithe/Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 3: Filíocht Ainmnithe/Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 4: Litríocht Bhreise – An Ghaeilge (5 mharc)

Ní mór don scrúdaitheoir **“SMM i bhfeidhm-scrúd.”** a scríobh ar chlúdaigh na bhfreagarleabhar nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

# **Leathanach Bán**

# **Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**

